



## 'Gaeilge na hArdteiste', Clár 4

### RTÉ Raidió na Gaeltachta, 4 Márta 2015

#### *Ceisteanna Samplacha*

le Séamas Ó Máirtín, comhairleoir oideachais an chláir. Is féidir éisteacht leis na píosaí seo á léamh i gClár 4 den tsraith.

#### **Dán: An Spailpín Fánach**

**“Éiríonn leis an bhfile mothúcháin an spailpín a léiriú go soiléir sa dán seo”. Déan an ráiteas seo a phlé.**

Braithimid **frustrachas** an spailpín ar línte an chéad véarsa. Níl sé sásta cur suas a thuilleadh le hanró is le cruatan a shaoil: “ag siúl an drúchta go moch ar maidin/ ‘s ag bailiú galair ráithe...” Mothaímid freisin a **chuid feirge** mar tá sé i gceist aige troid in aghaidh na Sasanach: “ach glacfad fees ó rí na gcroppies,/cleith is píce’ chun sáite...” Tá **tuirse** an spailpín le brath ar línte an dara véarsa. Luann sé an méid taistil a bhíonn air a dhéanamh agus an obair mhór spealadóireachta a bhíonn le déanamh aige. Tá **grá** an spailpín dá thúr dhúchais le feiceáil sna logainmneacha a luann sé – bailte i gcúige Mumhan ach go háirithe. Braithimid **bród** an spailpín as a chuid oibre. Ní raibh mórán oibríthe feirme ábalta é a shárú. Léirítear é seo sa líne: “ag dul chun tosaigh ceard leo.” Thuig an spailpín chomh maith nach raibh meas mada ag “bodairí na tíre” air agus tá idir **fhearg** agus **náire** an spailpín le brath ó thús deireadh an dáin. Sea, ní thabharfar “an spailpín fánach” mar ainm air sa tír seo a thuilleadh, dar leis. Éireoidh sé amach in aghaidh an dreama a dhéanann leatrom air. Is fíor a rá go n-éiríonn leis an bhfile mothúcháin an spailpín a léiriú go soiléir.

**Déan trácht gairid ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file, dar leat, as do rogha dhá cheann díobh seo a leanas: codarsnacht; friotal; logainmneacha; atmaisféar.**

#### **Friotal:**

Ná déanaimis dearmad go raibh na filí ag scríobh do na gnáthdhaoine le linn na ré dorchá seo i stair na hÉireann. Baineann an file mar sin úsáid an-éifeachtach as caint na ndaoine. Friotal lom simplí atá in úsáid. Tagraíonn an file do dhrúcht na maidine; cleith is píce is súiste agus ainmníonn sé bailte i gcúige Mumhan. Cruthaíonn úsáid an fhriotail seo pictiúr an-soiléir de shaol anróiteach an spailpín. Baineann sé úsáid as caint dhíreach ag deireadh na véarsaí chun céim síos an spailpín a léiriú.

#### **Atmaisféar:**

Baineann an file úsáid as teicníochtaí filíochta éagsúla chun atmaisféar éifeachtach a chruthú: logainmneacha; íomhánna; mothúcháin; codarsnacht agus friotal. Cabhraíonn úsáid na logainmneacha le hinchreidteacht an chuntais ar shaol an spailpín. Éiríonn leis an bhfile pictiúr de shaol an spailpín a chruthú sna híomhánna a chuireann sé inár láthair: an spailpín ina shuí go luath ag siúl ar fhéar fliuch; é réidh chun troda le cleith is píce; é ag taisteal ó bhaile go baile; é i mbun spealadóireachta agus mar sin de. Cuireann na mothúcháin go mór le hatmaisféar an dáin mar tá meascán mothúchán an spailpín le brath – an frustrachas; an fhearg; an náire; an túgrhá; an bród agus araile. Cuidíonn úsáid na codarsnachta le hatmaisféar an dáin. Tá an spailpín in ísle brí mar gheall ar chruatan is anró a shaoil ach braithimid ansin an fuath is an fhearg. Éireoidh sé amach in aghaidh an dreama a chéasann agus a chiapann é. Is maith liom an chodarsnacht seo idir an daoirse is an tsaoirse. Cuireann úsáid na cainte simplí – caint na cosmhuintire le hatmaisféar an dáin. Éiríonn leis an bhfile Éire an ochtú aois déag a léiriú go follasach.

## **Prós: Hurlamaboc**

### **Ar thaitin an sliocht as an úrscéal, Hurlamaboc, leat? Cén fáth?**

Thaitin an sliocht seo go mór liom mar ar an gcéad dul síos, is maith liom stíl scríbhneoireachta an údair. Tá an cur síos a dhéanann sí ar chlann Albright soiléir simplí agus tá an sliocht féin soléite. Baineann an t-údar úsáid éifeachtach as béarlagair an aosa óig. Is déagóir mise agus cuireann úsáid seo an bhéarlagair le hinchreidteacht an tsleachta. Tá friotal an tsleachta sothuigthe agus tá an-chlisteacht ag baint leis an sloinne Albright i gcomhthéacs phearsantacht Lisín ach go háirithe. Tá úsáid an ghrinn fíorchliste mar is ag léamh idir na línte atá muid. Déantar aoradh ar phearsantacht Lisín i ráitis ar nós: “Ach bhí sé de nós aige an rud a bhí a mháthair ag iarraidh a chloisint a rá léi”, “...bhí gach rud idir lámha aici”, “i mbeagán focal, bhí sí foirfe”, agus “...ba bhean spéisiúil í, a d’fhéadfadh labhairt ar aon ábhar ar bith faoin ngrian”. Rinne mé gáirí nuair a léigh mé an cur síos ar na máithreacha go léir ar Ascaill na Fuinseoige – ní raibh gruaig liath ar bhean ar bith ach amháin ar mháthair Emma agus bhí mé in ann iad a shamhlú ag rith amach leis an mbruscar agus gúnaí oíche deasa orthu agus a gcuid gruaige cóirithe go néata! Go bhfóire Dia orainn. Éiríonn leis an údar meon cúng Lisín a léiriú agus an chaoi a raibh tionchar ag a cuid iompair ar a fear céile agus ar a clann mhac. Bhain mé taitneamh as an scéal gan aimhreas. Ní raibh sé crap! Bhí sé cool ar fad – really cool!